

Tasc Sórtála Cártáí Triantánacha

Is féidir an tasc seo a úsáid le scoláirí ag tús, le linn nó ag deireadh a staidéir thosaigh ar thriantáin. Más ag tús nó le linn aonad foghlama a úsáidtear an tasc is tasc foirmitheach é de bhrí go dtugann sé deis don mhúinteoir ranga leibhéal eolais a gcuid scoláirí a mheas maidir le haithint, sórtáil, eagrú agus catagóiriú triantáin éagsúla, agus fócas na foghlama a athrú dá réir.

Aithnítear i gCuraclam na Bunscoile na réimsí seo a leanas lena mbeidh obair déanta ag lucht na chéad bhliana:

- Tátail neamhfhoirmiúla a bhaint as cruthanna 2-T agus as a gcuid airíonna
- Airíonna uillinne agus líne a úsáid chun cur síos ar thriantáin agus iad a aicmiú / rangú
- Comhordanáidí simplí a bhreacadh agus a úsáid más cuí
- Cruthanna 2-T agus a gcuid airíonna a úsáid chun fadhbanna a réiteach
- Suim na n-uillinneacha i dtriantán a fhiosrú

Tá foráil sa tasc chun eolas agus tuiscint scoláirí ón mbunscoil a dhaingniú, agus ag an am céanna deis a thabhairt ar fhorbairt agus ar shaibhriú do scoláirí arbh fhéidir gur thuig siad go hiomlán na coincheapa sular thosaigh siad an chéad bhliain san iar-bhunscoil. Chun smaointeoireacht agus plé matamaiticiúil scoláirí a chur chun cinn, agus chun dialóg shaibhir a chothú sa seomra ranga moltar go dtabharfadh scoláirí faoin tasc i ngrúpaí de 2 - 4 scoláirí.

Treoracha a mholtar chun an tasc seo a úsáid:

- Ba chóir tacar de chártaí Sórtáil Chártaí Triantán (A4) agus greille rangaithe (A3) a thabhairt do gach grúpa
- Ba chóir do scoláirí sa ghrúpa cárta a roghnú, duine i ndiaidh duine. Tugann an scoláire le fios cén áit, a mheasann siad, ar chóir an cárta a leagan ar an ngreille
- Ní féidir an cárta a leagan ar an ngreille ach amháin nuair atá an grúpa ar aon fhocal faoi
- Ní féidir leis an ngrúpa leagan síos an chárta a chur siar ach amháin faoi dhó le linn an taisc agus gan é sin a dhéanamh go dtí go mbíonn plé déanta faoi cá leagtar síos é. [Cinntíonn an coinníoll sin sa tasc go ndéanann scoláirí plé ar roinnt de na cártaí is dúshlánaí. Is é an múinteoir ranga is fearr a shocróidh cé acu atá an coinníoll sin oiriúnach don tasc]
- Ba chóir don mhúinteoir bogadh thart faoin seomra ag bailiú faisnéise go neamhfhoirmiúil (fianaise) ar eolas agus ar fhoghlaim na scoláirí. Is minic a thugann ceistiú oiriúnach léargas níos fearr
- Nuair a bheidh an tasc curtha i gcrích, moltar plé iomlánach a dhéanamh. Ba chóir go gcuirfeadh an próiseas bailiú eolais (fianaise) bonn faoi seo agus, leis an gceistiú cuí, is féidir an plé ranga agus foghlaim na scoláirí a shaibhriú.

Tá an tasc nasctha leis na torthaí foghlama seo a leanas ó shonraíocht Mhatamaitice na Sraithe Sóisearaí

- CT2 cruthanna 2-T a fhiosrú
- CT3 coincheap an chruthúnais a fhiosrú tríd an mbaint a bhíonn acu le céimseata
 - Teoirim 1
 - Teoirim 2
 - Teoirim 4
 - Teoirim 8
 - Teoirim 14
- CT5 airíonna pointí, línte agus mírlínte / líntheascáin a fhiosrú sa phlána comhordanáideach

Tá an tasc nasctha freisin leis na torthaí foghlama seo a leanas ón Snáithe Aontaitheach i sonraíocht Mhatamaitice na Sraithe Sóisearaí:


- A1 na nósanna imeachta agus na coincheapa bunúsacha atá mar bhonn agus taca ag gach snáithe a thabhairt chun cuimhne agus a thuiscint
- A5 naisc a dhéanamh laistigh de shnáitheanna agus idir snáitheanna
- A13 an mhatamaitic a chur in iúl go héifeachtach: a réasúnaíocht a chosaint, a torthaí a léirmhíniú, a conclúidí a mhíniú, agus teanga agus nodaireacht na matamaitice a úsáid chun smaointe matamaiticiúla a chur in iúl go beacht

Cuireann an tasc le tuiscint scoláirí ar choibhneasa laistigh den snáithe Céimseata agus Triantánachta agus is féidir é a úsáid chun tuiscint scoláirí a fhorbairt ar na naisc idir céimseata shintéiseach agus chomhordanáideach. Moltar gur chóir go ndíreofaí air sin sa phlé iomlánach. Seans gur gá leibhéal deacrachta an tasc a laghdú trí rogha áirithe de na cártaí a bhaint amach. Moltar áfach, gan ach an méid is lú scafláil a dhéanamh, chun ligean do scoláirí a gcuid eolais a chur i bhfeidhm i suíomhanna neamhchoitianta agus é a fhágáil ionas gur gá dóibh eolas nua a chruthú. Má dhéantar scafláil ar an tasc d'fhéadfadh scoláirí a bheith ag plé leis roinnt uaireanta thar thrí bliana na Sraithe Sóisearaí.


Ba chóir scoláirí a spreagadh chun a gcuid réasúnaíochta a mhíniú agus a chosaint i dtaca leis an áit ar leag siad a gcuid cártaí. Is minic a dhéantar réasúnú ó bhéal, agus ba chóir úsáid chruinn i dteanga na matamaitice a fhorbairt. Ba chóir scoláirí a mhealladh freisin chun uirlisí céimseata a úsáid (compás srl.) le hionad a gcártaí a chosaint más cuí. Más cuí, ba chóir an difríocht idir cosaint agus dianchruthúnas a chur in iúl do scoláirí.

Is féidir le múinteoirí caint scoláirí a spreagadh trí cheistiúchán éifeachtach agus éisteacht ghníomhach a úsáid. Faightear thíos roinnt samplaí de cheisteanna a láidríonn réamheolas scoláire agus / nó a cheistíonn a gcuid míthuiscintí. Is féidir freisin go dtabharfadh na ceisteanna sin deis do scoláirí a fuair máistreacht iomlán ar na coincheapa sa bhunscoil an tuiscint sin a fhorbairt agus a shaibhriú.


Ceisteanna Samplacha (Ní liosta cuimsitheach é seo)




Ionad ceann de na reanna a athrú chun triantán difriúil a chruthú, ach ní mór go bhfanadh achar an triantáin nua mar an gcéanna leis an triantán bunaidh










Cad é comhordanáid na rinne seo? Cad é fad an tsleasa seo den triantán?
 Pléigh.









Tóg triantán comhshleasach ar mhéid ar bith. Mínigh an próiseas agus abair cén fáth gur triantán comhshleasach é dá bharr.

	Reanna (1,3), (6,3), (-4,3)		Athraigh ceann ar bith de na comhordanáidí chun triantán a dhéanamh. Athraigh ceann amháin de na comhordanáidí chun triantán comhchosach a dhéanamh. An féidir an t-athrú sin a ghinearálú chun é a scríobh do gach triantán comhchosach féideartha a bhfuil na comhordanáidí sin acu?
	Reanna (0,0) (5,0) (0,5)		Dearbhaigh / cruthaigh, ar oiread bealaí agus is féidir, gur triantán dronuilleach é seo?
			Cruthaigh do cheist féin. Is féidir na huillinneacha a athrú, ach is gá go bhfanfadh an triantán comhchosach.

Réitigh

Triantán corrshleasach	Triantán dronuilleach	Triantán comhchosach	Triantán comhshleasach	Ní triantán é
<p>Faid na dtaobhanna / na sleasa 3, 4, 6</p>  <p>Reanna (0,0), (6,0), (5,4)</p> <p>Toise / Méid uillinne 91°, 62°, 27°</p>	<p>Toise / Méid uillinne 90°, 37.36°, 52.64°</p> <p>Reanna (0,0), (5,0), (0,10)</p> <p>Faid na dtaobhanna / na sleasa 3, 4, 5</p>  <p>Faid na dtaobhanna / na sleasa 19, 180, 181</p>	<p>Faid na dtaobhanna / na sleasa 3, 3, 4</p>   	<p>Faid na dtaobhanna / na sleasa 1, 1, 1</p> <p>Toise / Méid uillinne 60°, 60°, 60°</p> 	<p>Faid na dtaobhanna / na sleasa 1, 2, 4</p> <p>Toise / Méid uillinne 90°, 45°, 90°</p> <p>Faid na dtaobhanna / na sleasa 3, 3, 8</p>  <p>Reanna (1,2), (1,6), (1,8)</p>

Réitigh

Triantán corrshleasach	Triantán dronuilleach	Triantán comhchosach	Triantán comhshleasach	Ní triantán é
	<p>Reanna (0,0), (5,0), (0,5)</p> <p>Faid na dtaobhanna / na sleasa 1, 1, $\sqrt{2}$</p> <p>Faid na dtaobhanna / na sleasa 5, 12, 13</p> <p>Faid na dtaobhanna / na sleasa 7, 24, 25</p> <p>Toise / Méid uillinne 60°, 30°, 90°</p> 	<p>Faid na dtaobhanna / na sleasa 32.6, 32.6, 60</p>  	  <p>Faid na dtaobhanna / na sleasa 3, 3, 3</p>	<p>Toise / Méid uillinne 30°, 40°, 50°</p> <p>Reanna (2,3), (6,3), (-4,3)</p> <p>Toise / Méid uillinne 90°, 60°, 60°</p> <p>Toise / Méid uillinne 70° 70°, 70°</p> <p>Faid na dtaobhanna / na sleasa 11, 12, 25</p>



Treoracha don Tasc




Leag gach cárta faoin gceannteideal a thugann an cur síos is fearr ar an eolas atá le fáil ar an gcárta

Triantán corrshleasach	Triantán dronuilleach	Triantán comhchosach	Triantán comhshleasach	Ní triantán é

**Reanna
(0,0) (6,0) (5,4)**

**Faid na dtaobhanna /
na sleasa
3, 4, 6**

**Toise / Méid
uillinne
 $91^\circ, 62^\circ, 27^\circ$**




**Toise / Méid uillinne
 $90^\circ, 37.36^\circ, 52.64^\circ$**

**Faid na dtaobhanna /
na sleasa
3, 4, 5**

**Toise / Méid uillinne
 $60^\circ, 30^\circ, 90^\circ$**

Reanna
(0,0) (5,0) (0,10)


**Faid na dtaobhanna /
na sleasa**
1, 1, $\sqrt{2}$



Reanna
(0,0) (5,0) (0,5)

**Faid na dtaobhanna /
na sleasa**
3, 3, 4

**Faid na dtaobhanna
/ na sleasa**
32.6, 32.6, 60



**Faid na dtaobhanna /
na sleasa**
5, 12, 13

**Faid na dtaobhanna
/ na sleasa**
7, 24, 25

Faid na dtaobhanna /
na sleasa
1, 2, 4



Faid na dtaobhanna /
na sleasa
11, 12, 25

Faid na dtaobhanna
/ na sleasa
3, 3, 8

Toise / Méid uillinne
 $90^\circ, 60^\circ, 60^\circ$

Toise / Méid uillinne
 $70^\circ, 70^\circ, 70^\circ$

Toise / Méid uillinne
 $90^\circ, 90^\circ, 45^\circ$



Reanna
(1,2) (1,6) (1,8)



Reanna
(1,3), (6,3), (-4,3)

Toise / Méid uillinne
30°, 40°, 50°

**Faid na dtaobhanna /
na sleasa**
1, 1, 1

Toise / Méid uillinne
60° 60° 60°

**Faid na dtaobhanna
/ na sleasa**
3, 3, 3



**Faid na dtaobhanna
/ na sleasa**
19, 180, 181

